



Gaelcholáiste Chomáin

## POLASAÍ GARCHABHRACH

<p>Gaelcholáiste Chomáin Ros Dumhach Béal an Átha Co. Mhaigh Eo F26 YR99</p>	<p>Uimhir Rolla: 72140V Uimhir Teileafóin: (097) 88940 Ríomhphost: eolas@gcr.ie Suíomh Gréasáin: <a href="http://www.gcr.ie">www.gcr.ie</a></p>
--	---

## 1 Ráiteas Polasaí

Tá nósanna imeachta garchabhrach ag Gaelcholáiste Chomáin i bhfeidhm lena chinntiú go dtugtar aire mhaith do gach dalta, ball foirne agus cuairteoir sa chás go dtarlaíonn timpiste, is cuma cé chomh beag nó cé chomh mór.

Is í an aidhm atá leis an bPolasaí mar sin:

- Chun clúdach éifeachtach, sábháilte Garchabhrach a chur ar fáil do dhaltaí, don fhoireann agus do chuirteoirí.
- Lena chinntiú go bhfuil an fhoireann agus na scoláirí ar fad ar an eolas faoin gcóras atá in áit.
- Chun feasacht faoi shaincheisteanna Sláinte & Sábháilteachta a chur ar fáil laistigh den scoil agus ar thurais scoile, le contúirtí nó timpistí féideartha a chosc, nuair is féidir.

NB: Tagraíonn an téarma FREAGRÓIR GARCHABHRACH do na baill sin de phobal na scoile a bhfuil Teastas san Fhreagairt Garchabhrach ag an Obair ina seilbh.

NB: Ní cheadaítear faoin dlí do garchabhróirí aon chógas leighis a thabhairt do scoláirí.

Is é polasaí na scoile tacaíocht garchabhrach a chur ar fáil do dhuine a ghortaítear nó a éiríonn tinn sa scoil. Is é an polasaí atá againn ná duine amháin inniúil atá oilte mar gharchabhróir a bheith sa scoil chun tacaíocht garchabhrach a chur ar fáil mar agus nuair is gá. San iomlán tá triúr gharchabhróirí inniúil oilte againn sa scoil. Tá sé ar chumas Garchabhróirí Cáilithe aon riocht sláinte atá bagrach don bheatha a aithint agus a bhainistiú. Má chinneann an Garchabhróir go bhfuil tuilleadh chabhair leighis ag teastáil, déanfaidh sé/sí socruithe le glaoch ar otharcharr.

Ní mór go gcuirfí béim air gur Garchabhróirí oilte atá ar an bhfoireann agus nach dochtúirí ná banaltraí oilte iad.

I gcás timpiste ba cheart go mbeadh baill uile na scoile feasach faoin tacaíocht atá ar fáil agus faoi na nósanna imeachta atá ann chun an tacaíocht sin a chur i ngníomh.

Trealamh- Boscaí Garchabhrach: Tá bosca Garchabhrach sa seomra foirne agus i ngach seomra praiticiúil sa scoil. Tá na Garchabhróirí cáilithe ar fad freagrach as na boscaí garchabhrach a athshlánú agus as a chinntiú go bhfuil an trealamh riachtanach ar fad iontu agus go bhfuil an trealamh laistigh den dáta éaga. Taobh istigh sna boscaí garchabhrach tá bileog inneachair mholta. Déanann duine de na garchabhróirí sa scoil na boscaí a sheiceáil ar a laghad uair sa téarma. (Féach aguisín 1 le haghaidh Liosta de na Nithe a Mholtar)

AED (Uath-Dhífhibrileoir Seachtrach) Tá an AED lonnaithe sa phríomh-halla agus níl sé húsáid ag aon duine ach ag Garchabhróir nó ag duine oilte eile.

- Tá cadhnaire an AED agus ábhair an Fhearais le seiceáil dhá uair sa bhliain ag ball den Fhoireann Garchabhrach.

Eolas: Cuirtear gach ball nua foirne ar an eolas tráth a ionduchtaithe faoin gcaoi le garchabhair a fháil agus cé hiad na garchabhróirí cáilithe. Tá fógraí garchabhrach ag tabhairt ainmneacha na ngarchabhróirí cáilithe ar taispeáint sa dá sheomra foirne mar aon le in oifig na scoil agus sa halla scoile coiteann.

## 2. Dualgais

### 2.1 Déanfaidh GARCHABHRÓIRÍ:

- Cinnte go bhfuil a gcuid cáilíochtaí i gcónaí cothrom le dáta.
- Cinnte go bhfuil clúdach garchabhrach ar fáil ar feadh uaireanta oibre na seachtaine scoile. Freastal i gcónaí ar thaismeach nuair a iarrtar orthu é a dhéanamh agus an chóir leighis is fearr is féidir leo a chur ar an taismeach ar an mbealach is sábháilte is féidir. Cuimsíonn sé seo miotóga a chaitheamh nuair is léir go bhfuil doirteadh fola nó sreabán coirp ann, cabhair a lorg ó Gharchabhróirí eile nó ó na Seirbhísí Éigeandála. (Aguisín 2 - Uimhreacha Teagmhála i gCás Éigeandála)
- Cabhrú le comh-garchabhróirí ag teagmhas agus tacaíocht a chur ar fáil le linn na tréimhse ina dhiaidh sin.
- Gníomhú mar dhuine ar féidir braith air/uirthi le cúnamh a thabhairt nuair a bhíonn gá leis.
- A chinntiú go bhfuil fearas garchabhrach stocáilte ar bhealach leormhaith agus fáil éasca orthu i gcónaí.
- Deimhin a dhéanamh go mbeidh aon taismeach a d'fhulaing gortú suntasach cloiginn faoi chúram cleachtóirí gairmiúla ag an ospidéal, trí iad a sheoladh go díreach chuig an ospidéal nó trí iarraidh ar thuismitheoirí dalta a phiocadh suas chun é a thabhairt ag an ospidéal; a chinntiú go gcuirtear thuismitheoirí ar an eolas gan mhoill faoi gach gortú cloiginn. A chinntiú go bhfuil dalta a chuirtear ag an ospidéal in otharcharr - Á thionlacan san otharcharr ar iarratas na bparaimhíochaineoirí.
- Á leanúint chuig ospidéal ag ball foirne le gníomhú in loco parentis murar féidir teagmháil a dhéanamh le gaol.
- Á fheiceáil ag gaol ag an ospidéal.
- Ní gá gurb é an Garchabhróir an ball foirne a théann i dtionlacan leis an taismeach chuig an ospidéal, ach ba cheart go gcuirfí duine cuí ann.
- Ní mór go mbeadh idirchaidreamh leis an múinteoir atá i gceannas ar chlúdach, lena chinntiú go mbíonn ranganna clúdaithe i gcás go mbíonn múinteoir as láthair.
- Coinnigh taifead ar gach scoláire a tugadh aire dó, nádúr an ghortaithe a bhí air agus aon chóir leighis a cuireadh air ar an bhfoirm atá ar fáil sa seomra foirne agus san oifig. (Comhlánaigh Tuairisc Timpiste)
- Cinntigh go bhfuil gach rud curtha i dtaisce agus miotóga atá úsáidte, agus gach cóiriú, srl le cur i mála i leith ábhar truaillithe/úsáidte agus séalaithe go docht sula ndéantar é a dhiúscairt i

mbosca bruscair. Ní mór aon mharcanna fola ar an talamh a níocháin chun siúil go maith. Níor cheart go mbeidh aon ábhar truaillithe nó úsáidte fágtha thart.

## **2.2 Déanfaidh Bainistíocht Shinsearach:**

Deimhin de go gcuirtear gach ball nua foirne ar an eolas faoi na nósanna imeachta Garchabhrach sa scoil.

Deimhin de go bhfaigheann siad an stair a bhaineann le scoláire nach bhfuil ar fónamh, ach go háirithe i gcásanna de thinnis chinn, lena chinntiú nach gortú is cúis leis an scoláire gan a bheith ar fónamh. Deimhin de sa chás gur gortú is cúis le fadhb go gcuirtear an scoláire chuig Garchabhróir i leith scrúdaithe.

Ag tús na bliana acadúla, liosta scoláirí atá aitheanta a bheith asmach, anaifialachtach, diaibéiteach, titimeach nó go bhfuil trombhreiteacht eile orthu, a chur ar fáil don fhoireann garchabhrach. . Coinnigh comhad d'fhoirmeacha toilithe míochaine atá cothrom le dáta, do gach scoláire i ngach bliain agus cinntigh go bhfuil fáil orthu go héasca ag baill foirne atá freagrach as turais scoile/cuairteanna.

## **2.3 Déanfaidh MÚINTEOIRÍ:**

- Iad féin a chur ar an eolas faoi mar a oibríonn nósanna imeachta garchabhrach agus deimhin a dhéanamh go bhfuil a fhios acu cé hiad na Garchabhróirí reatha.
- A bheith ar an eolas faoi mhionsonraí sonracha míochaine scoláirí ar leith nuair a bhíonn sin foilsithe ag an mbainistíocht shinsearach.
- A chinntiú go bhfuil a gcuid scoláirí feasach faoi mar a oibríonn na nósanna imeachta.
- Ná bog taismeach go dtí go mbíonn measúnú déanta ag Garchabhróir cáilithe air ach sa chás go mbíonn an taismeach i ndainséar láithreach.
- Cuir fios ar chúnamh chuig an Oifig Fáilte chomh luath agus is féidir.
- Cuir taismeach ar a shuaimhneas, ach ná cuir cóir leighis air, mura bhfuil Teastas bailí Freagartha Garchabhrach i seilbh bhall foirne, nó é ar an eolas faoi na nósanna imeachta cearta; is féidir le ball foirne dá leithéid, luíonn sé le réasún, tosú láithreach ar chúnamh éigeandála go dtí go dtagann Garchabhróir ar an láthair, sin nó tosú ar bhearta simplí análaithe más léir gur gá.
- Cuir scoláire go bhfuil mionghortuithe air chuig an Oifig Fáilte má bhíonn sé in ann siúl chun go bhfeicfidh Garchabhróir ansin é; ba cheart go mbeadh an scoláire seo tionlactha.
- Cuir scoláire nach bhfuil, go ginearálta, ar fónamh chuig a Cheann Bliana nó chuig Leas-Príomhoide agus ní chuig Garchabhróir, mura bhfuil a mheathlú neamhchoitianta agus gur údar imní é. Déan cinnte go bhfuil foirm toilithe míochaine acu le haghaidh gach scoláire a thógann siad amach ar thuras scoile a thugann eolas faoi aon riocht ar leith nó cógais ar cheart go mbeadh eolas acu fúthu. Bí airdeallach faoi shábháilteacht phearsanta.

#### **2.4 Déanfaidh FOIREANN NA hOIFIGE:**

- Cuir fios ar Gharchabhróir cáilithe, murar duine díobh tú féin, chun cóir leighis a chur ar aon scoláire gortaithe.
- Tacaigh le Garchabhróirí ag cur fios ar otharcharr nó ag dul i dteagmháil le gaolta i gcás éigeandála. Cuir scoláirí nach bhfuil, go bunúsach, ar fónamh, chuig a gCeann ábhartha Bliana nó chuig Leas-Príomhoide. Ná dáil paracetamol ná cógais leighis eile.

**Daingnithe ag an mBord Bainistíochta ar an 19-01-2022**

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: Nollag 2024

**Aguisín 1 [WWW.HAS.IE](http://WWW.HAS.IE) Na nithe a moltar a bheith i mboscaí agus fearais garchabhrach**

Ábhair	First-aid travel contents kit	First-aid box contents		
		1 - 10 Duine	11 - 25 Duine	26 - 50 Duine*1
Greimlíní	20	20	20	40
Pillíní súile steiriúla (uimh. 16) (bindealán i bhfostú)	2	2	2	4
Bindealán thriantánacha lena gclúdach féin ar gach ceann	2	2	6	6
Bioráin dhúnta	6	6	6	6
Cóirithe créachta neamh-íocleasaithe steiriúla lena gclúdach féin ar gach ceann - meánach (uimh. 8) (10 x 8cm)	1	2	2	4
Cóirithe créachta neamh-íocleasaithe steiriúla lena gclúdach féin ar gach ceann - mór (uimh. 9) (13 x 9cm)	1	2	6	8
Cóirithe créachta neamh-íocleasaithe steiriúla lena gclúdach féin ar gach ceann - an-mhór (uimh. 3) (28 x 9cm)	1	2	3	4
Ciarsúir dhíghalráin lena gclúdach féin orthu	10	10	20	40
Siosúr paramhíochaine	1	1	1	1
Péirí lámhainní scrúdaithe	3	5	10	10
Uisce steiriúil nuair nach bhfuil uisce reatha glan ar fáil*2	2x20ml	1x500ml	2x500ml	2x500ml
Clúdach aghaidhe póca	1	1	1	1
Cóiriú dónna uisce-bhunaithe - beag (10x10cm)*3	1	1	1	1
Cóiriú dónna uisce-bhunaithe - mór*3	1	1	1	1
Bindealán Síprise (7cm)	1	1	2	3

**Nótaí:**

\*1: Nuair atá níos mó ná 50 duine fostaithe, ba chóir soláthar pro rata a dhéanamh.

\*2: Nuair nach bhfuil uisce reatha príomhlíonra ar fáil go héasca le haghaidh uisciú súl, ba chóir uisce steiriúil nó gnáthshailíne steiriúil (0.9%) i gcoimeádáin indiúscartha shéalaithe a chur ar fáil. Ba chóir 20ml ar a laghad a bheith i ngach coimeádán agus ba chóir iad a dhiúscairt má tá an séala briste. **Níor chóir úsáid a bhaint as cupaí súl/cupáin súl /coimeádáin is féidir a líonadh arís d'fhonn an baol go dtarlóidh tras-ionfhabhtú a sheachaint. Ba chóir CE a bheith marcáilte ar an gcoimeádán.**

\*3: Sa chás is nach bhfuil uisce príomhlíonra as an sconná ar fáil go héasca chun suíomh dóite a fhuarú.

## **Appendix 2 - Uimhreacha Éigeandála**

### **Ospidéal Béal A'Mhuirthid**

**097-81304**

*Belmullet Community Hospital*

### **Ospidéal Caislean A'Bharraí**

**094-9021733**

*Castlebar General Hospital*

### **Ionad Dochtúra, Gleann Na Muaidhe**

**097-87848**

*Dr. Loftus, Health Centre, Glenamoy*

### **Ionad Dochtúra, Béal A'Mhuirthid**

**097-81156**

*Dr. Ruane, Belmullet*

### **Ionad Dochtúra Swanick, Béal A'Mhuirthid**

**097-82434**

*Dr Swanick, Belmullet*

### **Ionad Dochtúra, Beannachar Iorras**

**097-83464**

*Dr. Ó Mongáin, Bangor Erris*

### **Otharcharr, Béal A'Mhuirthid**

**097-81301**

*Ambulance Belmullet*

### **Briogáid Dóiteáin, Béal A'Mhuirthid**

**097-81301**

*Fire Brigade, Belmullet*

### **Garda Síochána, Béal A'Mhuirthid**

**097-81038**

### **Garda Síochána, Gleann na Muaidhe**

**097-87844**

### **Ionad Nimhe Náisiúnta (Ospidéal Beaumont)**

**01 8092166**

*National Poisons Centre (8am-10pm)*

### **TUSLA (Luain – Aoine 9-5)**

**01 771 8500**

*Child & Family Agency (Monday – Friday 9am-5pm)*

**TUSLA (As Uaireanta Oifige)**

**0818 776 315**

*Out Of Office Hours*